



## **Polasaí MAIDIR LE FÓN PÓCA, UAIREADOIR CLISTE, TAIFEAD PEARSANTA, AGUS FEISTÍ IDIRLÍN**

### **Réamhrá:**

Aithníonn Gaelcholáiste Chomáin go bhfuil sé de cheart ag dalta fón póca a bheith aige/aici agus aithnímid freisin na gnéithe dearfacha a bhaineann leis seo. In ainneoin sin, ní féidir leis an gceart sin cur as do theagasc agus d'fhoghlaim. Déanfar glaonna teileafóin/teachtaireachtaí chuig nó ó dhalta a éascú i gCÓNAÍ tríd an oifig. Tá cur síos déanta ar Uaireadóirí Cliste mar ríomhairí inchaite a chuireann ar chumas an té atá ag caitheamh rochtain ar raon feidhmchlár mar theachtaireachtaí, áireamhán, seirbhísí aistriúcháin agus nascacht wifi / Bluetooth le fón póca an té atá ag caitheamh.

Tá contúirtí féideartha ann do phobal na scoile (daltaí, tuismitheoirí, cuairteoirí, baill foirne, cóitseálaithe, baill foirne teagaisc, bainistíocht, iontaobhaithe) a thagann chun cinn as mí-úsáid meáin leictreonacha. Mar thoradh air sin, déanfaidh an scoil gach iarracht dínit phearsanta agus ceart príobháideachais gach ball foirne de phobal na scoile a chosaint.

### **1. Réasúnaíocht:**

- Tá ardú mór tagtha ar an úsáid a bhaintear as Fón Phóca le blianta beaga anuas.
- Is féidir le daltaí leas mór a bhaint as Fón Phóca nuair a bhaintear úsáid cheart acu.
- Is féidir le Fón Phóca cur as don Teagasc agus don Fhoghlaim nuair a bhaintear úsáid astu ar bhealach cuí i.e. má bhíonn siad ag glaoch nó in úsáid i rith an ranga.
- Is féidir le deacrachtaí móra a bheith i scoileanna mar gheall ar Fón Phóca nuair a bhíonn/má bhíonn fón phóca in úsáid do “chibearbhulaíocht” sa chás go mbíonn daltaí/teagascóirí i ngrianghraifeanna in aghaidh a dtola féin, sa chás go ndéantar taifid/taifid físe in aghaidh tola na ndaoine sin sna físeáin srl.,
- Is minic a chailltear Fón Phóca nó go dtógann daltaí eile iad.

- Is féidir le Fóin Phóca cur as go mór le daltaí sa seomra ranga, sa phasáiste/sa leithreas, rud a chruthaíonn aonrú seachas idirghníomhaíocht agus lánpháirtiú daltaí.

## 2. Aidhmeanna:

- Cúinsí Teagaisc agus Foghlama do dhaltaí a uasmhéadú.
- méid a chuirtear as do dhaltaí, do bhlianta acadúla a laghdú.
- Timpeallacht saor ó bhagairt nó sárú príobháide le linn do dhaltaí/mhúinteoirí a bheith sa scoil a chur ar fáil.
- Cibearbhulaíocht i measc daltaí sa scoil a dhíspeagadh.
- Idirghníomhaíocht agus cumarsáid idir daltaí a spreagadh.

## 3. Riail:

- Is sarú tromchúiseach é de Chód Discipline na Scoile é mí-úsáid fóin phóca, uaireadóir cliste, feistí taifeadta leictreonach, nó Idirlín.
- Moltar do mhic léinn uaireadóirí cliste a fhágáil sa bhaile mar iarrfar orthu iad a bhaint má aimsítear iad ar a duine ar scoil.
- Agus daltaí lasmuigh d'áitreabh na scoile, ach ar ghnó scoile (m.sh. cluichí, turais allamuigh agus turais scoile srl) ní mór go mbeadh fóin phóca casta as. Mar sin féin, má bhíonn sé riachtanach go rachadh an dalta i dteagmháil le tuismitheoir/caomhnóir, ní mór cead a iarradh ar an múinteoir maoirseachta an fón póca a chasadh air. Ní mór go gcasfaí an fón as arís ag deireadh an chomhrá. Cinnteoidh an múinteoir maoirseachta go dtarlóidh sin.

## 4. Sainmhínithe:

- Ní chiallaíonn fón a bheith casta as agus fón a bheith ar 'Silent', ar 'Meeting' nó modh ar bith eile cosúil leo sin. Ní mór go mbeadh an fón **CASTA AS**.

## Ceaduithe Beartais:

- Beidh daltaí a sháraíonn an riail seo faoi réir chód iompair na scoile.
- Má sháraítear an riail trí uaire bainfear an fón agus cártaí SIM ón dalta don chuid eile den lá scoile agus tabharfar litir don dalta le cur in iúl don tuismitheoir/caomhnóir go bhfuil an fón bainte den dalta agus ní mór an litir seo a shíniú agus a chur ar ais chuig an scoil.
- Ba chóir don dalta a chinntiú go bhfuil an fón casta as agus go bhfuil an cárta SIM sa fón sula dtabharfar don mhúinteoir é.
- Déanfar ainm an dalta agus sonraí ábharthe eile a thairfead. Cuirfear an fón póca agus an cárta SIM a chur faoi ghlas go dtí go dtabharfar ar ais é ag deireadh an lá scoile nó tráth a mbailíonn tuismitheoir é.
- Déanfar dalta a bhfuil fón póca aige/aici agus nach mbeidh sásta fón a ghéilleadh don mhúinteoir a bhreithniú mar dhalta a bhfuil sárú tromchúiseach déanta aige/aici de Chód Disciplín na Scoile.

- Má dhéantar an beartas seo a shárú arís ina dhiaidh sin bainfear an fón den dalta agus tabharfar ar ais é tráth a mbailíonn tuismitheoir é ag deireadh na lá scoile.

### **Mí-úsáid Fóin Phóca:**

- Is sárú tromchúiseach é de Chód Disciplín na Scoile é tarlúint ina mbaintear úsáid as fóin phóca chun bulaíocht a dhéanamh ar bhall de phobal nó na scoile nó an duine sin a chiapadh agus déileálfar leis dá réir sin.
- Ba chóir a thabhairt ar aird gur cion atá ann fón póca a úsáid chun duine eile a chiapadh, a mhaslú nó bagairt a dhéanamh air/uirthi. Breithneofar gníomh den sórt sin mar ghníomh bulaíochta.
- Ní bheidh an scoil freagrach as damáiste nó cailliúint maidir le fóin phóca.
- Tá bainistíocht agus foireann Ghaelcholáiste Chomáin buíoch as tacaíocht leanúnach na ndaltaí agus na dtuismitheoirí ó thaobh ár n-iarrachtaí chun úsáid dhearfach a bhaint as an teicneolaíocht i dtimpeallacht cineálta agus foghlama a chothabháil agus a chothú.

### **Feistí Taifeadta agus Idirlíon: Fóin Phóca le ceamaraí agus cumais taifeadta; feistí taifeadta ilmheáin (fuaime agus físeach):**

Is uirlis oideachais iontach é an tIdirlíon agus spreagann an scoil úsáid a bhaint as. Spreagann an soil tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus múinteoirí a bheith ar eolas faoi Bheartas Sábháilteachta agus sárchleachtas Idirlín na Scoile.

### **AGUS DALTAÍ AR ÁITREABH NA SCOILE NÓ LASMUIGH D'ÁITREABH NA SCOILE AR GNÓ SCOILE ÚDARAITHE (m.sh. cluichí, turais páirce srl):**

- (a) Ní mór do dhaltaí a chinntiú go mbeidh feistí taifeadta CASTA AS i gCÓNAÍ.
- (b) Ní féidir grianghraif a ghlacadh, ná ní féidir taifead (fuaime nó físe) a dhéanamh ar bhall de phobal na scoile gan cead an duine sin agus cead ó Phríomhoide/Leas-Phríomhoide na scoile. Breithneofar an úsáid a bhaintear as fóin nó as feistí taifeadta eile chun duine a thaifead le gach cead cuí mar shárú tromchúiseach de Chód Discipline na Scoile.
- (c) Ní féidir le daltaí ábhar a uaslódáil, a íoslódáil, a sheoladh nó a chur ar aghaidh atá gáirsiúil, clúmhillteach nó beartaithe chun ball de phobal na scoile a chiapadh.
- (d) Ní féidir grianghraif, nó taifid (fuaime nó físe) de bhall de phobal na scoile nó tuairimí faoin duine sin a uaslódáil ar an Idirlíon gan cead an duine sin agus gan cead an Phríomhoide/Leas-phríomhoide.
- (e) Is cásanna tromchúiseacha iad cásanna ina mbaineann ball eile de phobal na scoile úsáid as an Idirlíon chun bulaíocht a dhéanamh ar nó bédachaint a

dhéanamh ar bhall eile de phobal na scoile nó an ball sin a mhaslú, a chiapadh, a chlúmhilleadh agus déileálfar leo mar ghníomh bulaíochta. Breithneofar dalta ar bith a bhaineann úsáid as an Idirlíon chun dalta eile nó múinteoir a mhaslú, a chiapadh nó chun bulaíocht a dhéanamh air/uirthi, mar dhalta a bhfuil cion tromchúiseach bulaíochta déanta aige/aici agus beidh an scoil in ann leas a bhaint as na raon ceaduithe atá ar fáil. Féadfaidh an scoil a bhreithniú go bhfuil sé cuí na Gardaí a chur ar an eolas i gcásanna den sórt sin.

**Déileálfaidh an Ceann Bliana cuí agus/nó an Príomhoide/an Leas-Phríomhoide le sárúithe tromchúiseacha de Chód Disciplín na Scoile agus is féidir iad a thuairisciú don Bhord Bainistíochta**

Tá cosc ar fhóin phóca/gléasanna cliste a úsáid i Scrúduithe Stáit. Beidh iarrthóirí a bhaineann úsáid as fóin phóca mar áireamhain srl dlite a gcuid scrúduithe a chur ar ceal agus tá baol ann go ndéanfar iad a chosc ó scrúdú poiblí ar bith a dhéanamh sa stát seo.

**Dáta ar glacadh leis an bPolasaí**

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo, ar an 19-01-2022

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: **Eanáir 2025**